**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0041/2023**

3.3.2023

# ***I
# TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle, a mhéid a bhaineann lena ailíniú le rialacha an Aontais maidir le sonraí pearsanta a chosaint
(COM(2021)0767 – C9-0441/2021 – 2021/0399(COD))

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

Rapóirtéir: Patryk Jaki

## *Eochair do na siombailí a úsáidtear*

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

## *Leasuithe ar dhréachtghníomh*

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le cló trom iodálach. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

**CLÁR**

**Leathanach**

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ........................................5

NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH ..........................................................................11

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH........12

## DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle, a mhéid a bhaineann lena ailíniú le rialacha an Aontais maidir le sonraí pearsanta a chosaint (COM(2021)0767 – C9-0441/2021 – 2021/0399(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2021)0767),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 16(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9‑0338/2021),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A9-0041/2023),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) Le Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9] déantar foráil maidir le rialacha comhchuibhithe i ndáil le cosaint agus saorghluaiseacht sonraí pearsanta a | (1) Le Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9] déantar foráil maidir le rialacha comhchuibhithe i ndáil le cosaint agus saorghluaiseacht sonraí pearsanta a |

phróiseáiltear chun críocha cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh, nó ar mhaithe le pionóis choiriúla a fhorghníomhú, lena n-áirítear cosaint ar bhagairtí don tslándáil phoiblí agus na bagairtí sin a chosc. Leis an Treoir, ceanglaítear ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar ghníomhartha eile de dhlí an Aontais chun measúnú a dhéanamh ar an ngá leis na gníomhartha sin a ailíniú leis an Treoir sin agus chun na tograí a dhéanamh, más gá, leis na gníomhartha sin a leasú le cur chuige comhsheasmhach a áirithiú maidir le sonraí pearsanta a chosaint laistigh de raon feidhme na ***Treoracha*** sin.

phróiseáiltear chun críocha cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh, nó ar mhaithe le pionóis choiriúla a fhorghníomhú, lena n-áirítear cosaint ar bhagairtí don tslándáil phoiblí agus na bagairtí sin a chosc. Leis an Treoir ***sin***, ceanglaítear ar ***na Ballstáit sonraí pearsanta a phróiseáil ar bhealach lena n-áirithítear slándáil iomchuí na sonraí pearsanta. Leis*** an ***Treoir, ceanglaítear ar an*** gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar ghníomhartha eile de dhlí an Aontais chun measúnú a dhéanamh ar an ngá leis na gníomhartha sin a ailíniú leis an Treoir sin agus chun na tograí a dhéanamh, más gá, leis na gníomhartha sin a leasú le cur chuige comhsheasmhach a áirithiú maidir le sonraí pearsanta a chosaint laistigh de raon feidhme na ***dTreoracha*** sin.

______________

[9] Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle (IO L 119, 4.5.2016, lch. 89).

[9] Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle (IO L 119, 4.5.2016, lch. 89).

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(3a) Le Treoir (AE) 2016/680, Rialachán (AE) 2016/794[1a] agus Rialachán (AE) 22018/1725[1b] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, déantar foráil maidir le coimircí iomchuí i dtaca leis an aistriú sonraí pearsanta idir na Ballstáit agus*** |

***Europol, chun cosaint aonfhoirmeach agus chomhsheasmhach daoine nádúrtha a áirithiú maidir le próiseáil a sonraí pearsanta.***

___________________

***[1a] Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus lena n-aisghairtear Cinntí 2009/371/CGB, 2009/934/CGB, 2009/935/CGB, 2009/936/CGB agus 2009/968/CGB ón gComhairle agus a ghabhann ionad na gCinntí sin (IO L 135, 24.5.2016, lch. 53).***

***[1b] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n‑aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).***

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 3 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***(3b) I bhfianaise an leasaithe a rinneadh le déanaí ar Rialachán (AE) 2016/794, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar na rialacha agus coimircí cosanta sonraí a leagtar síos iontu. Tá Bord Bainistíochta Europol chun na coinníollacha a bhaineann le forálacha agus próiseáil sonraí pearsanta a shonrú i gcomhréir le Rialachán leasaitheach (AE) 2022/991 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a], chun tionchar na*** |

***ngníomhaíochtaí próiseála sonraí ar dhaoine aonair a theorannú go héifeachtach.***

***________***

***[1a] Rialachán (AE) 2022/991 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/794, a mhéid a bhaineann le comhar Europol le páirtithe príobháideacha, an phróiseáil a dhéanann Europol ar shonraí pearsanta chun tacú le himscrúduithe coiriúla, agus ról Europol maidir le taighde agus nuálaíocht (IO L 169, 27.6.2022, lch. 1).***

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42 de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle[11]*** agus thug sé tuairim uaidh ***an XX/XX 20XX,*** | (6) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42 de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle*** agus thug sé tuairim uaidh ***an 25 Eanáir 2022.*** |
| __________________ | __________________ |
| [11] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n‑aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39). | [11] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n‑aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39). |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe a**
Cinneadh 2005/671/CBG
Airteagal 2 – teideal

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(-a) cuirtear an méid a seo a leanas in ionad an teidil:*** |
| Faisnéis a bhaineann le cionta sceimhlitheoireachta a ***sholáthar*** do ***Eurojust, do*** Europol agus do na Ballstáit | ***'***Faisnéis a bhaineann le cionta sceimhlitheoireachta a ***chur ar fáil*** do Europol agus do na Ballstáit***'*** |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe a**
Cinneadh 2005/671/CBG
Airteagal 2 – mír 3 – fomhír 1a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Áiritheoidh gach Ballstát, maidir le sonraí pearsanta a phróiseálfar de bhun na chéad fhomhíre, nach bpróiseálfar iad ach chun cionta sceimhlitheoireachta a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh. | Áiritheoidh gach Ballstát, maidir le sonraí pearsanta a phróiseálfar de bhun na chéad fhomhíre, nach bpróiseálfar iad ach chun cionta sceimhlitheoireachta a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh ***i gcomhréir le dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí***. |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe b**
Cinneadh 2005/671/CBG
Airteagal 2 – mír 4 – fomhír 1a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Na catagóirí sonraí pearsanta a tharchuirfear chuig Europol chun na gcríoch dá dtagraítear i mír 3, beidh siad fós teoranta do na catagóirí dá dtagraítear i Roinn B, pointe 2, d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/794. | Na catagóirí sonraí pearsanta a tharchuirfear chuig Europol chun na gcríoch dá dtagraítear i mír 3, beidh siad fós teoranta do na catagóirí dá dtagraítear i Roinn B, pointe 2, d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/794. ***Chun cosaint aonfhoirmeach*** |

***chomhsheasmhach daoine nádúrtha a áirithiú maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil, déanfar na sonraí sin a aistriú i gcomhréir leis na ceanglais slándála a leagtar síos in Airteagal 32 den Rialachán sin.***

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe c**
Cinneadh 2005/671/CBG
Airteagal 2 – mír 6 – fomhír 1a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Na catagóirí sonraí pearsanta is féidir a mhalartú idir na Ballstáit chun na gcríoch dá dtagraítear sa chéad fhomhír, beidh siad fós teoranta do na catagóirí atá sonraithe i Roinn B, pointe 2, d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/794. | Na catagóirí sonraí pearsanta is féidir a mhalartú idir na Ballstáit chun na gcríoch dá dtagraítear sa chéad fhomhír, beidh siad fós teoranta do na catagóirí atá sonraithe i Roinn B, pointe 2, d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/794. ***I gcás ina dtarlaíonn malartú den sórt sin, déanfar é a shaothrú i gcomhréir leis na ceanglais slándála, na coimircí agus na ráthaíochtaí cosanta sonraí a leagtar amach i ndlí an Aontais maidir le cosaint sonraí.*** |

## NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Lena leasaítear Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle, a mhéid a bhaineann lena ailíniú le rialacha an Aontais maidir le sonraí pearsanta a chosaint |
| **Tagairtí** | COM(2021)0767 – C9-0441/2021 – 2021/0399(COD) |
| **Dáta tíolactha chun PE** | 1.12.2021 |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | LIBE<br>17.1.2022 |
| **Rapóirtéirí**<br>Dáta an cheapacháin | Patryk Jaki<br>20.4.2022 |
| **Pléite sa choiste** | 5.9.2022 |
| **Dáta an ghlactha** | 1.3.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 64<br>–: 0<br>0: 0 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Magdalena Adamowicz, Abir Al-Sahlani, Malik Azmani, Katarina Barley, Pietro Bartolo, Vladimír Bilčík, Vasile Blaga, Ioan-Rareş Bogdan, Karolin Braunsberger-Reinhold, Patrick Breyer, Saskia Bricmont, Patricia Chagnon, Caterina Chinnici, Clare Daly, Lena Düpont, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Maria Grapini, Sylvie Guillaume, Andrzej Halicki, Evin Incir, Sophia in 't Veld, Patryk Jaki, Marina Kaljurand, Assita Kanko, Fabienne Keller, Łukasz Kohut, Moritz Körner, Alice Kuhnke, Jeroen Lenaers, Juan Fernando López Aguilar, Erik Marquardt, Nuno Melo, Maite Pagazaurtundúa, Karlo Ressler, Diana Riba i Giner, Birgit Sippel, Sara Skyttedal, Vincenzo Sofo, Tineke Strik, Ramona Strugariu, Annalisa Tardino, Tomas Tobé, Yana Toom, Milan Uhrík, Tom Vandendriessche, Jadwiga Wiśniewska, Javier Zarzalejos |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Susanna Ceccardi, Gwendoline Delbos-Corfield, Loucas Fourlas, Beata Kempa, Philippe Olivier, Dragoş Tudorache, Petar Vitanov, Tomáš Zdechovský |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Gheorghe Falcă, Jean-François Jalkh, Petra Kammerevert, Marisa Matias, Martina Michels, Ljudmila Novak, Stanislav Polčák, Mick Wallace, Bernhard Zimniok |
| **Dáta don chur síos** | 6.3.2023 |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 64 | + |
|---|---|
| ECR | Patryk Jaki, Assita Kanko, Beata Kempa, Vincenzo Sofo, Jadwiga Wiśniewska |
| ID | Susanna Ceccardi, Patricia Chagnon, Jean-François Jalkh, Philippe Olivier, Annalisa Tardino, Tom Vandendriessche, Bernhard Zimniok |
| NI | Milan Uhrík |
| PPE | Magdalena Adamowicz, Vladimír Bilčík, Vasile Blaga, Ioan-Rareş Bogdan, Karolin Braunsberger-Reinhold, Lena Düpont, Gheorghe Falcă, Loucas Fourlas, Andrzej Halicki, Jeroen Lenaers, Nuno Melo, Ljudmila Novak, Stanislav Polčák, Karlo Ressler, Sara Skyttedal, Tomas Tobé, Javier Zarzalejos, Tomáš Zdechovský |
| Renew | Abir Al-Sahlani, Malik Azmani, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Sophia in 't Veld, Fabienne Keller, Moritz Körner, Maite Pagazaurtundúa, Ramona Strugariu, Yana Toom, Dragoş Tudorache |
| S&D | Katarina Barley, Pietro Bartolo, Caterina Chinnici, Maria Grapini, Sylvie Guillaume, Evin Incir, Marina Kaljurand, Petra Kammerevert, Łukasz Kohut, Juan Fernando López Aguilar, Birgit Sippel, Petar Vitanov |
| The Left | Clare Daly, Marisa Matias, Martina Michels, Mick Wallace |
| Verts/ALE | Patrick Breyer, Saskia Bricmont, Gwendoline Delbos-Corfield, Alice Kuhnke, Erik Marquardt, Diana Riba i Giner, Tineke Strik |

| 0 | - |
|---|---|
| | |

| 0 | 0 |
|---|---|
| | |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh